Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0105(COD)**

**8095/21**
**ADD 4**

**MI 270**
**ENT 75**
**CODEC 571**
**IA 68**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Aibreán 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 83 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí innealra |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 83 final.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 83 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.4.2021
SWD(2021) 83 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**Maidir le táirgí innealra**

{COM(2021) 202 final} - {SEC(2021) 165 final} - {SWD(2021) 82 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinnealra. |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Mar chuid de Chlár Oibre an Choimisiúin 2020 faoin tosaíocht 'Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach', tá sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an **Treoir maidir le hInnealra (Treoir 2006/42/CE).** Cabhróidh an t-athbhreithniú sin leis an aistriú digiteach agus le neartú an mhargaidh aonair araon. I mí Feabhra 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún páipéar bán maidir leis an intleacht shaorga a raibh tuarascáil ag gabháil leis dar teideal *Tuarascáil ar na himpleachtaí sábháilteachta agus dliteanais a bhaineann leis an Intleacht Shaorga, Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus an róbataic*. Ba é ba chonclúid don tuarascáil go bhfuil roinnt bearnaí nach mór aghaidh a thabhairt orthu i reachtaíocht reatha an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí – go háirithe an Treoir maidir le hInnealra.<br>Is iad seo a leanas cuspóirí ginearálta an Rialacháin maidir le hInnealra: (i) saorghluaiseacht innealra laistigh den mhargadh aonair a áirithiú; agus (ii) ardleibhéal cosanta a áirithiú d'úsáideoirí innealra agus do dhaoine eile atá ina chóngar. Ba é ba chonclúid na meastóireachta REFIT ar an Treoir maidir le hInnealra (SWD (2018)160) go bhfuil an Treoir ábhartha, éifeachtach, éifeachtúil agus comhleanúnach den chuid is mó. Ba é ba chonclúid don mheastóireacht freisin go bhfuil breisluach AE ag baint leis an Treoir maidir le hInnealra ach áitíodh go raibh gá le feabhsuithe sonracha agus le simpliú a dhéanamh uirthi. Sonraíodh sa mheastóireacht go gcumasaíonn an Treoir maidir le hInnealra forbairtí teicneolaíocha sa ré dhigiteach, ós rud é gurb iad prionsabail an 'chur chuige nua' is bhonn leis an Treoir (ciallaíonn an 'cur chuige nua' go leagtar síos buncheanglais éigeantacha sa reachtaíocht, rud a fhágann go socraíonn eagraíochtaí um chaighdeánú na sonraí teicniúla is gá chun na ceanglais sin a chomhlíonadh). Mar sin féin, áitíodh sa mheastóireacht go bhfuil gá le hanailís bhreise ar an Treoir maidir le hInnealra chun gur féidir í a mheasúnú amach anseo ó thaobh a héifeachtúlachta agus a sainoiriúnachta de. San anailís bhreise sin, ba cheart forbairtí sa digitiú a chuimsiú, amhail idirlíon na rudaí nithiúla, an intleacht shaorga (IS), agus glúin nua na róbat uathrialaitheach.<br>Go háirithe, is éard a bheartaítear leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le hInnealra aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas: (i) sa Treoir maidir le hInnealra, ní chumhdaítear go leordhóthanach na rioscaí nua a bhaineann le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn; (ii) éiginnteacht dhlíthiúil mar gheall ar easpa soiléireachta maidir leis an raon feidhme agus na sainmhínithe; agus bearnaí sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith i dteicneolaíochtaí traidisiúnta; (iii) forálacha neamhleora le haghaidh meaisíní ardriosca; (iv) costais airgeadaíochta agus chomhshaoil mar gheall ar dhoiciméadacht fhairsing pháipéarbhunaithe; (v) neamhréireachtaí le píosaí eile de reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí; agus (vi) éagsúlachtaí sa léirmhíniú de bharr trasuí. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is píosa reachtaíochta um shábháilteacht táirgí í an Treoir maidir le hInnealra a bhfuil sé mar aidhm di ardleibhéal cosanta a áirithiú d'oibrithe, do thomhaltóirí agus do dhaoine eile atá i gcóngar trí dhíriú ar shábháilteacht an innealra féin, agus ar an gcaoi sin oibleagáidí a chur ar mhonaróirí innealra atá sábháilte ann féin a dhearadh agus a thógáil (sábháilteacht trí dhearadh). Is éard atá i gceist leis an tionscnamh seo athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le hInnealra ionas gur féidir na cuspóirí a bhaineann leis a chomhlíonadh i gcónaí tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta a áirithiú d'úsáideoirí innealra agus do dhaoine eile atá ina chóngar; agus (ii) leibhéal ard muiníne as teicneolaíochtaí nuálacha digiteacha a chruthú i measc tomhaltóirí agus úsáideoirí, rud a áiritheoidh cothrom iomaíochta d'oibreoirí eacnamaíocha agus a chaomhnóidh iomaíochas earnáil an innealra sna margaí digiteacha domhanda.<br>Is ionann na cuspóirí ginearálta sin agus na sé chuspóir shonracha seo a leanas: (i) rioscaí nua a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn a mhaolú; (ii) léirmhíniú comhleanúnach ar an raon feidhme agus ar na sainmhínithe a áirithiú agus sábháilteacht teicneolaíochtaí traidisiúnta a fheabhsú; (iii) athmheasúnú a dhéanamh ar mheaisíní a mheastar a bheith ardriosca agus athmheasúnú a dhéanamh ar nósanna imeachta comhréireachta a bhaineann leis sin; (iv) ceanglais pháipéarbhunaithe maidir le doiciméadacht a laghdú; (v) comhleanúnachas le reachtaíocht eile an Chreata Reachtaigh Nua a áirithiú; agus (vi) éagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith sa léirmhíniú de bharr trasuí a laghdú. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Is cuid thábhachtach de thionscal na hinnealtóireachta í earnáil an innealra, agus tá sí ar cheann de na spreagaithe tionsclaíocha i ngeilleagar an Aontais. In 2017, chláraigh earnáil an innealra láimhdeachas EUR 663 bhilliún, táirgeacht EUR 609 mbilliún, agus breisluach EUR 191 bhilliún. B'fhiú EUR 503 billiún |

onnmhairí iomlána innealra agus trealaimh an Aontais, agus onnmhairíodh 49 % de sin chuig Ballstáit an Aontais (i.e. onnmhairí laistigh den Aontas), agus onnmhairíodh 51 % de chuig tíortha lasmuigh den Aontas (onnmhairí lasmuigh den Aontas).

Príomhspreagaí sábháilteachta d'úsáideoirí innealra san Aontas is ea an Treoir maidir le hInnealra. Mar a luadh cheana, príomhchuspóirí na Treorach maidir le hInnealra is ea leibhéal ard cosanta sláinte agus sábháilteachta a áirithiú do na húsáideoirí sin, agus saorchúrsaíocht innealra san Aontas a cheadú. Go háirithe, cuidíonn an Treoir maidir le hInnealra le costais shóisialta a laghdú trí thionóiscí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar úsáid innealra a chosc. Príomhréasúnaíocht le treoir maidir le hinnealra ar leibhéal an Aontas is ea comhchuibhiú a sholáthar ar fud na mBallstát de réir Airteagal 114 CFAE. Aon athrú a dhéanfar ar raon feidhme nó ar cheanglais na Treorach maidir le hInnealra, ní mór é a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ionas nach ndéanfar an margadh a shaobhadh ná bacainní a chur roimh shaorghluaiseacht táirgí ná an bonn a bhaint de chosaint shláinte agus fholláine an duine.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Tá ceithre rogha bheartais ann. Leagtar amach sna pointí urchair thíos iad.

- **Rogha 0 – Gan aon athrú**: Is é 'gan aon bheart' an cás bunlíne. Leis an rogha seo, ligfí don phróiseas caighdeánaithe atá ann faoi láthair forbairt de réir mar is ghnách, gan díriú go háirithe ar rioscaí a eascraíonn as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus gan aon bhéim ar leith a leagan ar réimsí feabhsúcháin maidir le teicneolaíochtaí traidisiúnta. Ina theannta sin, chuimseodh an rogha bhunlíne seo athbhreithniú ar an *Treoirleabhar maidir le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le hInnealra* ('an Treoirleabhar') i ndiaidh an ghnáthphróisis (plé i measc páirtithe leasmhara agus cinntí a ghlacadh trí chomhthoil amháin).
- **Rogha 1 – Féinrialáil de réir tionscail agus athruithe ar an Treoirleabhar**: Leis an rogha seo, ní dhéanfaí aon athrú ar an Treoir maidir le hInnealra atá ann faoi láthair. Ina ionad sin, thabharfaí isteach soiléirithe i ndáil leis an Treoirleabhar agus mholfaí an méid seo a leanas: (i) comhthoil maidir le raon feidhme agus sainmhínithe; (ii) doiciméadacht pháipéarbhunaithe a laghdú; (iii) soiléirithe ar innealra ardriosca atá ann cheana; (iv) comhleanúnachas níos fearr le reachtaíocht eile an Chreata Reachtaigh Nua maidir le sábháilteacht táirgí; agus (v) níos lú éagsúlachtaí ó thaobh léirmhíniú de sna Ballstáit éagsúla. Maidir leis an bpointe deireanach seo, bheadh seisiúin thiomnaithe den Ghrúpa Saineolaithe um Innealra i gceist leis an rogha seo. Thabharfaí aghaidh ar rioscaí nua a eascraíonn as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn (chomh maith le rioscaí áirithe ó theicneolaíochtaí traidisiúnta) trí iarraidh nua ar chaighdeánú ón gCoimisiún a eisiúint, laistigh de theorainneacha an téacs dhlíthiúil atá ann faoi láthair.
- **Rogha 2 – Íoslaghdú an ualaigh:** Dhíreodh an rogha seo ar an téacs dlíthiúil agus an raon feidhme a shoiléiriú agus ar shimpliú a bhaint amach. Chuige sin, leis an rogha seo, dhéanfaí an Treoir maidir le hInnealra atá i bhfeidhm faoi láthair a athrú chun an tsoiléireacht dhlíthiúil maidir lena raon feidhme agus sainmhínithe a mhéadú. Dhéanfaí athruithe freisin chun simpliú a bhaint amach mar seo a leanas: (i) é a thabhairt isteach sa téacs dlíthiúil go gceadófar lámhleabhair treorach a eisiúint i bhformáid dhigiteach; (ii) an Treoir maidir le hInnealra a ailíniú leis an gCreat Reachtach Nua; agus (iii) éagsúlachtaí sa léirmhíniú a sheachaint tríd an Treoir maidir le hInnealra a thiontú ina rialachán. Ar na hathruithe a dhéanfaí ar an ngníomh atá i bhfeidhm faoi láthair, thabharfaí de chumhacht don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh amach anseo ar liosta na meaisíní ardriosca de réir critéir áirithe. Mar sin féin, dhéanfaí na hathruithe sin go léir gan leasuithe a dhéanamh ar na ceanglais sábháilteachta a bhaineann le táirgí. Dá bhrí sin, ní bheadh aon athruithe ar oibleagáidí na monaróirí ó thaobh an t-innealra a dhearadh agus a mhonarú. Chomhlánófaí an méid sin trí iarraidh nua ar chaighdeánú ón gCoimisiún a eisiúint, laistigh de theorainneacha na gceanglas sábháilteachta reatha atá sa téacs dlíthiúil.
- **Rogha 3 – Íoslaghdú an ualaigh agus sábháilteacht fheabhsaithe:** Is í an rogha seo an rogha is uaillmhianaí, ina ndéantar iarracht sábháilteacht níos fearr a bhaint amach agus gach deis á tapú chun an t-ualach a laghdú. Chuige sin, leis an rogha seo, dhéanfaí an gníomh atá i bhfeidhm faoi láthair a athrú chun an tsoiléireacht dhlíthiúil maidir lena raon feidhme agus sainmhínithe a mhéadú. Dhéanfaí athruithe freisin chun simpliú a bhaint amach mar seo a leanas: (i) doiciméadacht dhigiteach a cheadú; (ii) an Treoir maidir le hInnealra a ailíniú leis an gCreat Reachtach Nua; agus (iii) éagsúlachtaí sa léirmhíniú a sheachaint tríd an Treoir maidir le hInnealra a thiontú ina rialachán. D'áireofaí leis an rogha seo freisin cumhacht a thabhairt don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta reatha meaisíní a bhfuil ardrioscaí ag baint leo ó thaobh forbairtí nua sa mhargadh sa réimse seo, deireadh a chur le rogha na seiceála inmheánaí mar chuid den mheasúnú comhréireachta ar na meaisíní ardriosca, agus an chéad leasú a dhéanamh ar liosta na meaisíní ardriosca. Ina theannta sin, dhéanfaí na ceanglais

sábháilteachta in Iarscríbhinn I a leasú, ceanglais nach mór do mhonaróirí a chomhlíonadh agus innealra á dhearadh agus á mhonarú acu chun dul i ngleic leis na rioscaí a eascraíonn as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, chomh maith le rioscaí sonracha a bhaineann le teicneolaíochtaí traidisiúnta. Chomhlánófaí an méid sin trí iarraidh nua ar chaighdeánú ón gCoimisiún a eisiúint, agus aon cheanglas nua agus/nó athbhreithnithe sa téacs dlíthiúil a chur san áireamh.

Is í **rogha 3 an rogha bheartais thosaíochta.** Tugann an rogha bheartais seo aghaidh ar na fadhbanna sainaitheanta go léir ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla, agus moltar inti Treoir athbhreithnithe maidir le hInnealra a fhóireann don lá atá inniu ann mar aon leis na blianta atá romhainn. Áirithítear léi freisin go mbeidh comhleanúnachas ann leis an reachtaíocht atá ann cheana maidir le sábháilteacht táirgí, leis an rialachán a bheidh ann amach anseo maidir leis an intleacht shaorga agus leis an nGníomh um Chibearshlándáil.

Leis an rogha thosaíochta, cuirtear ceanglais nua leis agus soiléirítear ceanglais atá ann cheana: (i) ar bhealach spriocdhírithe agus comhréireach; agus (ii) nuair is gá. Is minic a bhíonn na ceanglais agus na soiléirithe nua seo infheidhme maidir le cineálacha áirithe innealra amháin. Cuirfidh an rogha thosaíochta soiléireacht dhlíthiúil leis an Treoir maidir le hInnealra atá i bhfeidhm faoi láthair maidir lena raon feidhme, sainmhínithe agus ceanglais, lena n-áirítear na ceanglais maidir le rioscaí a eascraíonn as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chumhdach. Beidh ról lárnach ag an rogha thosaíochta freisin maidir leis na gníomhaíochtaí um chaighdeánú a chur chun cinn mar is ceart ar bhealach a chuirfidh feabhas ar an tsábháilteacht agus a áiritheoidh leibhéal níos airde muiníne agus iomaíochais tionscail sa mhargadh (lena n-áirítear an margadh digiteach). Ina theannta sin, is éard a dhéanfar leis an rogha thosaíochta: (i) tabharfar de chumhacht don Choimisiún an liosta reatha meaisíní a mbaineann ardriosca leo a leasú chun forbairtí nua sa mhargadh sa réimse seo a chur san áireamh; (ii) bainfear rogha na seiceála inmheánaí le haghaidh an mheasúnaithe comhréireachta ar mheaisíní ardriosca; agus (iii) déanfar athbhreithniú ar liosta na meaisíní ardriosca i gcomhréir iomlán leis an rialachán nua maidir leis an Intleacht Shaorga. Moltar inti beart um laghdú ualaigh arna iarraidh go mór ag an tionscal agus i gcomhréir le beartas digiteach an Choimisiúin, trí dhoiciméadacht dhigiteach a cheadú (agus san am céanna deis a thabhairt d'úsáideoirí deiridh leagan clóite den lámhleabhar treorach a iarraidh saor in aisce tráth a cheannaítear an t-innealra). Ar deireadh, bainfidh níos mó comhleanúnachais agus deimhneacht dhlíthiúil leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hInnealra trína ailíniú leis an gCreat Reachtach Nua agus trína thiontú ina rialachán. Chun comhréireacht a áirithiú, comhlánaítear an rogha bheartais seo le: (i) iarraidh nua ar chaighdeánú a eiseoidh an Coimisiún; agus (ii) Treoirleabhar maidir le soiléirithe mionsonraithe.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na tuairimí is rogha leo**

Is iad údaráis na mBallstát, comhlachtaí dá dtugtar fógra, comhlachais tomhaltóirí, agus comhlachais oibrithe is mó a thacaíonn le rogha 3.

Aontaíonn na monaróirí gur gá gníomhú, cé gurbh fhearr leo gníomhú tríd an bpróiseas caighdeánaithe, gan athruithe a dhéanamh ar cheanglais sláinte agus sábháilteachta na Treorach maidir le hInnealra (le roinnt eisceachtaí, amhail na bogearraí neamhspleácha a chomhlíonann feidhm sábháilteachta, ar a n-aontaíonn siad ba cheart é a mheas mar chomhpháirt sábháilteachta). B'fhearr leis na monaróirí den chuid is mó nach ndéanfaí aon athrú ar liosta na n-innealra ardriosca, agus gur neamhéigeantach i gcónaí an oibleagáid maidir le tríú páirtí a bheith rannpháirteach sa mheasúnú comhréireachta. Mar sin féin, faoi rogha 3 ceadófar formáidí digiteacha an lámhleabhair treorach agus an dearbhaithe comhréireachta, dá rud arna n-iarraidh ag lucht an tionscail go forleathan.

Tacaíonn grúpaí na bpáirtithe leasmhara uile leis an ailíniú leis an gCreat Reachtach Nua agus le tiontú na Treorach maidir le hInnealra ina rialachán.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

**I gcás monaróirí**: Coigilteas EUR 5 000 - EUR 10 000 in aghaidh an cháis i gcás soiléirithe maidir le difríochtaí ó thaobh léirmhíniú idir na Ballstáit; laghdú suas le EUR 16.6 billiún ar chostais chlódóireachta (EUR 201 000 in aghaidh na cuideachta) le haghaidh doiciméadacht dhigiteach; simpliú a bhuí leis an Treoir maidir le hInnealra a bheith ag teacht faoin gcreat céanna den Chreat Reachtach Nua le píosaí eile reachtaíochta maidir le sábháilteacht táirgí; coigilteas costas EUR 100 - EUR 500 in aghaidh an cháis a bhuí le níos lú nósanna imeachta soiléirithe ó tharla nach mbeidh gá le trasuí; feidhmiú níos fearr an mhargaidh aonair; cothrom iomaíochta níos fearr a bhuí le deimhneacht dhlíthiúil níos fearr; agus méadú ar an iomaíochas.

**I gcás úsáideoirí (oibrithe agus tomhaltóirí):** níos lú innealra neamhchomhlíontach ar an margadh; méadú ar shábháilteacht a bhuí leis na soiléirithe; sábháilteacht níos fearr d'oibrithe agus do thomhaltóirí; cosaint níos fearr do shláinte agus do shábháilteacht an úsáideora tar éis deireadh a chur le seiceálacha inmheánacha le haghaidh an mheasúnaithe comhréireachta ar an innealra ardriosca; inléiteacht mhéadaithe na dtreoracha

neamhpháipéir agus iad níos oiriúnaí do dhaoine dalla agus do dhaoine breacamharcacha; agus rochtain ar ICSMS (an córas cumarsáide a úsáideann na Ballstáit chun cabhrú le faireachas margaidh uile-Eorpach).
**I gcás na mBallstát**: Breis soiléireachta dlíthiúla; rochtain ar ICSMS; coigilteas maidir le costais trasuí.
**I gcás comhlachtaí dá dtugtar fógra**: Laghdú ar chostais stórála do lámhleabhair; tairbhí trí léirmhíniú comhionann ar fud na mBallstát.
**I gcás eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú**: Tá coinne leis go mbainfidh siad tairbhí as léirmhíniú comhionann an rialacháin.
**I gcás na sochaí:** Costais shóisialta laghdaithe maidir le saoire bhreoiteachta agus díobhálacha ceirde (e.g. coigilteas EUR 15 mhilliún in aghaidh na bliana i ngeall ar laghdú ar shaoire bhreoiteachta a bhaineann le tinneas creathaidh).

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

**I gcás monaróirí**: Costais aonuaire maidir le comhlíonadh agus oiriúnú d'athruithe ar cheanglais;
EUR 202 mhilliún ar an iomlán a bheidh sna costais a bhaineann le rannpháirtíocht tríú páirtí sa mheasúnú comhréireachta ar mheaisíní ardriosca; costais a bhaineann le ceannach, le bunú agus le cothabháil freastalaí ionas gur féidir treoracha digiteacha agus an dearbhú comhréireachta a bhainistiú: costas aonuaire EUR 29 milliún (EUR 1 000 in aghaidh na cuideachta), EUR 48 milliún in aghaidh na bliana (EUR 3 000 in aghaidh na cuideachta).
**I gcás úsáideoirí (oibrithe agus tomhaltóirí):** D'fhéadfaí na costais athruithe ar mhonaróirí a bhrú anuas an slabhra luacha ar na tomhaltóirí; EUR 0.4 ar an meán a bheidh sna costais chlódóireachta in aghaidh an lámhleabhair má chinneann an t-úsáideoir an lámhleabhar digiteach a phriontáil i dteanga amháin tar éis an t-innealra a cheannach.
**I gcás na mBallstát**: Na costais a bhaineann le hoiriúnú d'athruithe; costais aonuaire maidir le hoiriúnú do na hathruithe a bhfuil coinne leo.
**I gcás comhlachtaí dá dtugtar fógra:** Méadú EUR 202 mhilliún ar láimhdeachas na punainne táirgí i gcás 10 % den innealra faoi Iarscríbhinn IV a ndéantar é a measúnú faoi láthair trí sheiceálacha inmheánacha; costais aonuaire maidir le hoiriúnú do na hathruithe a bhfuil coinne leo.
**I gcás eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú**: Caighdeáin chomhchuibhithe nua a dhréachtú agus a athbhreithniú chun toimhde comhréireachta a sholáthar le haghaidh na gceanglas nua agus athbhreithnithe.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

In earnáil an innealra, is fiontair bheaga agus mheánmhéide iad 98 % de na cuideachtaí. Bainfidh FBManna tairbhe ar leith as an deimhneacht dlíthiúil ós rud é go bhfuil níos lú acmhainní acu chun measúnú agus léirmhíniú a dhéanamh ar an téacs dlíthiúil. Ina theannta sin, beidh caighdeáin chomhchuibhithe níos soiléire ann mar thoradh ar dheimhneacht dhlíthiúil maidir leis na ceanglais sábháilteachta, rud a rachaidh chun tairbhe do FBManna a bhraitheann ar chaighdeáin chomhchuibhithe chun na ceanglais sábháilteachta a chomhlíonadh. Tarlaíonn caighdeánú ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i gcomhréir le ISO/IEC (An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú/An Coimisiún Leictriteicniúil Idirnáisiúnta) agus le haiseolas cómhalartach ón ISO/IEC, ionas go n-uasmhéadófar iomaíochas laistigh den Aontas agus ar fud an domhain agus go n-éascófar onnmhairí (ar príomhréimse é le haghaidh earnáil innealra an Aontas a onnmhairíonn 51 % dá táirgeacht chuig tíortha lasmuigh den Aontas, agus ar réimse ríthábhachtach é le haghaidh FBManna freisin).
Is minic gur fiontair bheaga agus mheánmhéide iad monaróirí meaisíní ardriosca a bhaineann le hIarscríbhinn IV. Mar sin féin, níl coinne leis go mbeidh méadú ard costas orthu toisc gur minic a úsáideann siad rannpháirtíocht tríú páirtí cheana féin ar roinnt cúiseanna: (i) easpa acmhainne (e.g. níl saotharlanna/saineolas acu); (ii) mar ráthaíocht cháilíochta; agus (iii) chun aitheantas branda a fheabhsú.
Bainfidh FBManna tairbhe as na bearta um laghdú ualaigh seo a leanas:
— coigilteas ar chostais do mhonaróirí trí threoracha digiteacha agus dearbhuithe comhréireachta digiteacha a cheadú;
— i ngeall ar ailíniú leis an gCreat Reachtach Nua, feidhmeoidh an reachtaíocht agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr agus is lú freisin an t-ualach a bheidh ar mhonaróirí a bhíonn ag déileáil le roinnt gníomhartha maidir le sábháilteachta táirgí a bhfuil feidhm acu maidir lena dtáirgí;
— comhlántacht idir téacsanna dlíthiúla maidir le hintleacht shaorga agus maidir le hinnealra, rud a fhágann gur i gcás na gcóras IS sin a thagann faoi raon feidhme an Treorach maidir le hInnealra, forálfar sa rialachán maidir le IS nach ndéanfar an measúnú comhréireachta ar na córais sin ach uair amháin, agus is faoin Treoir maidir le hInnealra a dhéanfar é.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Beidh costas áirithe maidir le hoiriúnú ar na Ballstáit chun na hathruithe seo a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, bainfidh siad tairbhe den chuid is mó as soiléireacht dhlíthiúil agus ailíniú níos fearr leis an gCreat Reachtach Nua, rud a éascóidh a gcúraimí i leith faireachas margaidh. Le breis sábháilteachta agus níos lú innealra neamhchomhlíontach, laghdófar an gá le hidirghabháil sa mhargadh. Bainfidh tíortha an Aontais tairbhe as

| |
|---|
| costais shóisialta laghdaithe maidir le saoire bhreoiteachta agus díobhálacha ceirde. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Bainfidh an tsochaí tairbhe shuntasach as an úsáid laghdaithe a bhainfear as lámhleabhair treorach chlóite agus as an laghdú comhfhreagrach ar an lorg carbóin. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Faoi thrí bliana tar éis don rialachán teacht i bhfeidhm agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar mheastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. |